Dréacht Straitéise na Gaeilge 2027-2030

Draft Irish Language Strategy 2027 – 2030

DRÉACHT
Fermanagh & Omagh District Council
Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hOmaí
Gaeilge
DRÉACHT

Clár | Contents

Intreoir **Introduction**	**3** **4**
Forbhreathnú Straitéiseach **Strategic Overview**	**8** **9**
Aguisín 1 **Plean Feidhmithe** **Appendix 1** **Plean Cur i bhFeidhm**	 **18** **35**
Aguisín 2 **Faighteoirí deontas Gaeilge sa Phobal agus Seachtain na Gaeilge 2021–2026** **Appendix 2** **Recipients of Irish in the Community and Seachtain na Gaeilge grant aid 2021-2026**	 **52** **54**
Aguisín 3 | Appendix 3 **Réamhchomhairliúcháin | Pre-Consultations**	 **56**

DRÉACHT
Fermanagh & Omagh District Council
Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hOmaí
Gaeilge
DRÉACHT

Intreoir

Aithní Comhairle Ceantair Fhear Manach agus an Ómaigh (CCFÓ) tábhacht na Gaeilge agus tá sí go mór ar an eolas faoin gcaoi ar mhúnlaigh an teanga oidhreacht chultúrtha agus féiniúlacht an cheantair.

Mar chuid den aitheantas seo, tá an Straitéis trí bliana seo do Ghaeilge forbartha ag Comhairle Ceantair Fhear Manach agus an Ómaigh, i gcomhar le comhlachtaí reachtúla, Grúpaí Gaeilge, agus daoine aonair a bhfuil spéis acu inti.
Deir Plean Corparáideach CCFÓ 2024 – 2028 "Ár gComhairle, Ár bPlean":[1]

> *"Is í an fhís roinnte atá againn do Cheantar Fhear Manach agus an Ómaigh ná ceantar fáilteach, comhroinnte agus cuimsitheach, áit a bhfuil daoine agus áiteanna sláintiúil, sábháilte, ceangailte agus rathúil; agus áit a gcaomhnófar agus a bhainisteofar ár n-oidhreacht nádúrtha,* ***fhoirgnithe agus chultúrtha*** *go hinbhuanaithe."*

Tá tiomantas á thabhairt sa Straitéis do CCFÓ maidir le ceannaireacht a ghlacadh ar fhorbairt na teanga i bpáirt leis an bpobal Gaeilge sa cheantar. Cuirfidh CCFÓ tacaíocht agus forbairt ar fáil don Ghaeilge agus cuirfidh sé le hinrochtana agus infheictheacht na teanga freisin. Tabharfaidh an Chomhairle spreagadh dóibh siúd a bhfuil suim acu sa teanga agus léireoidh sí conas is féidir le húdaráis áitiúla an teanga a chur chun cinn agus ag an am céanna a ról agus a húsáid a cheiliúradh.

Leagfaidh an Straitéis an bonn síos do CCFÓ chun tacú leis an méadú ar líon na ndaoine atá ag iarraidh a scileanna teanga a fheabhsú agus cuirfidh sí ar chumas na Comhairle leibhéal na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge a mhéadú.

Cuirfidh An Straitéis leis an bPolasaí Gaeilge ón gComhairle (2027 – 2030) agus beidh sí á tacú ag Plean Cur i bhFeidhm (2027 – 2030) ina leagtar amach gníomhaíochtaí agus spriocanna.

Soláthraíonn An Straitéis an múnla le treoir a thabhairt do chleachtas na Comhairle maidir leis an nGaeilge. Cuirfidh An Straitéis leis an bPlean Corparáideach 2024 – 2028 ón gComhairle. Tá sí ar aon dul le pleananna agus straitéisí eile atá á gcur i bhfeidhm ag An Chomhairle.

Comhpháirtíocht

Dearbhaíonn an Plean Corparáideach:[2]

> *"Oibreoimid i* ***gcomhpháirtíocht*** *chun deiseanna rannpháirtíochta a chruthú, ag tacú le cuimsiú níos leithne, le tuiscint agus le meas ar an* ***oidhreacht chultúrtha dhinimiciúil*** *agus éagsúil sa cheantar."*

Tá Comhairle Ceantair Fhear Manach agus an Ómaigh tiomanta d'obair i gcomhpháirtíocht agus i gcomhar le heagraíochtaí atá ann cheana agus le grúpaí

[1] *Plean Corparáideach 2024 – 2028 lgh7*
[2] *Plean Corparáideach 2024 – 2028 lgh21*

Introduction

Fermanagh and Omagh District Council (FODC) recognises the importance of the Irish Language and is acutely aware of how the language has shaped the cultural heritage and identity of the district.

As part of this recognition, Fermanagh and Omagh District Council has developed this three-year Irish Language Strategy, co-designed with input from statutory bodies, Irish Language groups and bodies, and interested individuals.
FODC's Corporate Plan 2024 – 2028 "Our Council, Our Plan" states[3]:

> *"Our shared vision for Fermanagh and Omagh is of a welcoming, shared and inclusive district, where people and places are healthy, safe, connected and prosperous; and where our outstanding natural,* ***built and cultural heritage*** *is cherished and sustainably managed."*

The Strategy commits FODC to lead the development of the language in partnership with the Irish language community within the district. FODC will also support and develop the language while increasing its accessibility and visibility. It will also provide encouragement to those interested in the language and will set an example of how a local authority can promote the language while celebrating its role and use simultaneously.

The Strategy will set out a basis for FODC to support the growth in the number of individuals seeking to increase their language skills and it will enable the Council to increase the level of service delivery provided in Irish.

The Strategy will complement the Council's Irish Language Policy (2027 – 2030) and will be supported by an Implementation Plan (2027 – 2030) setting out activities and targets.

The Strategy provides the model to guide the Council's practice in relation to the Irish Language. The Strategy complements the Council's Corporate Plan 2024 – 2028. It also complies with other plans and strategies carried out by the Council.

Partnership

The Corporate Plan states[4]:

> *"We will work in* ***partnership*** *to create opportunities for participation, supporting greater inclusion, understanding and valuing the diverse and* ***dynamic cultural heritage*** *in the district."*

Fermanagh and Omagh District Council is committed to working in partnership and cooperation with existing organisations and new Irish Language groups to deliver the Council strategy. This will involve work at a regional level where FODC can use its profile and resources to lobby for and support regional policy, but, equally

[3] *Corporate Plan 2024 – 2028 p7*
[4] *Corporate Plan 2024 – 2028 p21*

nua Gaeilge chun straitéis na Comhairle a chur i bhfeidhm. Beidh obair ar leibhéal réigiúnach i gceist, áit ar féidir leis an gCCFÓ a próifíl agus a hacmhainní a úsáid chun stocaireacht a dhéanamh ar son agus chun tacú le polasaí réigiúnach, ach, chomh tábhachtach céanna, comhoibreoidh An Chomhairle le grúpaí áitiúla i gcomhpháirtíocht fhíorúil agus spriocanna agus cuspóirí coiteanna, comhsheasmhacha aici leis na páirtithe sin.

Tá sé ríthábhachtach do chur i bhfeidhm rathúil na Straitéise go n-oibríonn an Chomhairle i gcomhar leis an earnáil Gaeilge, ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach araon, chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud Cheantar Fhear Manach agus an Ómaigh agus níos faide i gcéin. Áirítear i bhFigiúr 1 na príomh-eagraíochtaí atá ag obair go díreach ar fhorbairt na Gaeilge le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge. Déanann eagraíochtaí eile amhail Cumann Lúthchleas Gael agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann obair thábhachtach freisin chun an Ghaeilge a chur chun cinn i bpobail áitiúla.



Figiúr 1 Príomh-eagraíochtaí Gaeilge ag obair laistigh de cheantar na Comhairle le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge

Príomh-eagraíochtaí san earnáil Gaeilge

- Comhairle na Gaelscolaíochta – Oideachas trí mheán na Gaeilge/Oideachas tumoideachais agus naíonra Gaeilge
- Gael Linn – Oideachas i earnáil an Bhéarla agus oideachas d'aosaigh, agus deiseanna do dhaltaí scoile úsáid na Gaeilge a chur chun cinn
- Glór na nGael – Forbairt pobail agus forás eacnamaíoch
- Oireachtas na Gaeilge – Deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le líonraí a bhunú do dhaoine fásta
- Conradh na Gaeilge – Feasacht, teanga agus ionadaíocht a ardú (ar son na teanga leis na húdaráis stáit)
- Cumann na bhFiann – Deiseanna d'úsáid na Gaeilge agus líonraí do dhaoine óga a fhorbairt.

Aithníonn an Chomhairle freisin pobal na Gaeilge atá seanbhunaithe, bríomhar agus ag fás i gcónaí laistigh den Cheantar agus tá sé mar aidhm aici oibriú i gcomhpháirt le gach eagraíocht áitiúil leis an bhforbairt agus fás na Gaeilge a chur chun cinn.

importantly, the Council will collaborate with local groups in a genuine partnership with common and consistent goals and objectives.

Crucial to successful implementation of the Strategy is Council working in collaboration with the Irish Language sector, at both local and regional level, to advance Irish Language throughout the Fermanagh and Omagh District and further afield. Figure 1 includes all lead organisations working directly in the development of Irish Language with support from Foras na Gaeilge. Other organisations such as the Gaelic Athletic Association and Comhaltas Ceoltóirí Éireann also do notable work in the promotion of the Irish Language within local communities.



Figure 1 Irish Language Lead Organisations working within Council district with support from Foras na Gaeilge

Lead Organisations in Irish Language Sector

- Comhairle na Gaelscolaíochta –Irish medium education/ Immersion Education and Irish Medium Preschool
- Gael Linn –Education in the English language sector and adult education, and opportunities for use for school pupils
- Glór na nGael –Community and economic development
- Oireachtas na Gaeilge Opportunities which support the use of Irish and establishing networks for adults
- Conradh na Gaeilge – Raising awareness, language and representation (on behalf of the language with state authorities)
- Cumann na bhFiann – The development of opportunities for the use of Irish and networks for young people.

The Council also recognises an established, vibrant and ever-growing Irish Language community within the District and seeks to work in partnership with all local organisations to help continue the development and growth of the Irish Language.

The table contained in Appendix 2 details the organisations who received Fermanagh and Omagh District Council support through Irish in the Community and Seachtain na Gaeilge grant aid.

This draft strategy document was created following input from consultations detailed in Appendix 3.

Tugann an tábla in Aguisín 2 sonraí faoi na heagraíochtaí a fuair tacaíocht ó Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus an Ómaigh trí Ghaeilge sa Phobal agus trí dheontas Sheachtain na Gaeilge.

Cruthaíodh an cháipéis dréachta straitéise seo bunaithe ar ionchur ó na comhairliúcháin atá leagtha amach in Aguisín 3.

DRÉACHT
Fermanagh & Omagh District Council
Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí
Gaeilge
DRÉACHT

Forléargas Straitéiseach
Léiríonn agus tarraingíonn an Straitéis na Gaeilge seo ar aidhmeanna an Pholasaí na Gaeilge:

Aidhm

Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí na céimeanna ar leith a leagan amach a dhéanfaidh Comhairle Ceantair Fhear Manach agus an Ómaigh chun an Ghaeilge a éascú agus a chur chun cinn go hinmheánach agus ar fud an Cheantair, agus pobal na Gaeilge atá ag fás sa Cheantar a chothú agus a thacú. Agus an polasaí seo á fhorbairt aici, tá sé mar aidhm ag Comhairle Ceantair Fhear Manach agus an Ómaigh na coinníollacha agus an acmhainn a chruthú a chuirfidh ar chumas duine atá ag lorg seirbhíse trí mheán na Gaeilge an caighdeán céanna seirbhíse a fháil agus a gheobhadh siad dá n-iarrfaidís í i mBéarla. Tógann an polasaí seo ar ghealltanais na Comhairle éagsúlacht teanga agus oidhreacht chomhroinnte a cheiliúradh, agus comhionannas deiseanna a sholáthar do gach duine a bhaineann úsáid as seirbhísí na Comhairle. Tá an beartas seo bunaithe ar an bprionsabal den "tairiscint ghníomhach"; is é sin, go gcuirfear in iúl don úsáideoir seirbhíse láithreach má tá an tseirbhís nó an doiciméad atá á lorg aige/aici ar fáil trí Ghaeilge. Leagtar amach sa bheartas freisin dualgais reachtúla Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus an Ómaigh.

Príomhthosaíochtaí

1. **Príomhshruthú, forbairt agus leathnú na Gaeilge**
   Tá Comhairle Ceantair Fhear Manach agus an Ómaigh tiomanta do chosaint, chur chun cinn agus forbairt na Gaeilge. Aithníonn an Chomhairle gur léiriú uathúil agus luachmhar ar chultúr agus ar fhéiniúlacht í an Ghaeilge agus go bhfuil gá leis an Chomhairle an Ghaeilge a fhorbairt chun í a threisiú.

2. **Infheictheacht, inrochtaineacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú**
   Beidh aitheantas corparáideach na Comhairle dátheangach i mBéarla agus i nGaeilge, agus fanfaidh an Béarla mar theanga na gcumarsáidí inmheánacha. Úsáidfear an Ghaeilge ar fud acmhainní na Comhairle, i mbrandáil, i gcumarsáid agus i bhfoilseacháin. Cé go bhfanfaidh an Béarla mar phríomhtheanga na gcumarsáidí inmheánacha, aithneoidh an Chomhairle ceart Fhoireann na Comhairle an Ghaeilge a úsáid san ionad oibre. Tabharfaidh An Chomhairle meas ar cheart chuairteoirí ar mhaoin atá faoi úinéireacht na Comhairle an Ghaeilge a úsáid.

3. **Cumasaigh, tacaigh agus cothaigh forbairt chainteoirí agus pobal na Gaeilge**
   Beidh An Chomhairle ag gníomhú go proifisiúnta mar shampla do ghrúpaí agus do chónaitheoirí chun úsáid na teanga a spreagadh agus ról lárnach a bheith aici i gnáthúsáid na teanga a spreagadh. Spreagfaidh An Chomhairle go gníomhach foireann agus cónaitheoirí chun an teanga a úsáid, agus beidh sí féin mar shampla chun cabhrú le haon drochmheas a bhaineann le húsáid na teanga a bhaint.

DREACHT

Strategic Overview
This Irish Language Strategy reflects and draws upon the aim of the Irish Language Policy:

Aim

The policy aims to set out the specific steps Fermanagh and Omagh District Council will take to facilitate and promote the Irish Language internally and across the District, as well as to nurture and support the growing community of speakers within the District. In developing this policy, Fermanagh and Omagh District Council aims to create the conditions and capacity where a person requesting a service through the medium of Irish is entitled to the same standard of service as they would receive were they to request it in English. This policy builds on Council's commitments to celebrate linguistic diversity and shared heritage, and to deliver equality of opportunity for all who avail of Council services. This policy is underpinned by the principle of "active offer"; i.e. when a service user requests a service or document they will immediately be informed whether the service/document they seek is available through Irish. The policy also sets out Fermanagh and Omagh District Council's legislative obligations.

Key Priorities

1. **Mainstream, develop and grow the Irish Language**
   Fermanagh and Omagh District Council is committed to the protection, promotion and development of the Irish Language. The Council recognises that the Irish Language is a unique and valuable expression of culture and identity and there is a need for the Council to develop the Irish Language in order to strengthen it.

2. **Increase the visibility, accessibility and use of the Irish Language**
   The Council's Corporate identity will be dual language in English and Irish, with English remaining the language of internal communications. Irish will be used across Council resources, in branding, communications and publications. Although English will remain the main language used in internal communications the Council will respect the right of Council staff to use the Irish Language within the workplace. The Council will respect the right of visitors to Council owned property to use the Irish Language.

3. **Empower, support and foster the development of Irish Language speakers and communities**
   The Council will proactively set an example to groups and residents to encourage use of the language and to play a part in normalising the language. Council will actively encourage staff and residents to use the language where possible and will be an exemplar to facilitate the removal of any stigma associated with the use of the language.

DRAFT

4. **Cuir an Ghaeilge chun cinn agus ceiliúra í go gníomhach sa Cheantar**
   Déanfaidh An Chomhairle cinnte go mbeidh clár bliantúil imeachtaí, féilte agus gníomhaíochtaí ann chun saibhreas na Gaeilge a cheiliúradh, agus go mbeidh úsáid chuí na teanga le feiceáil ar láthair ag imeachtaí agus cuir i láthair faoi choimirce agus faoi urraíocht na Comhairle.


DRÉACHT
Fermanagh & Omagh District Council
Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hOmaí
Gaeilge
DRÉACHT


4. **Actively promote and celebrate the Irish Language in the District**
   The Council will ensure that there is a programme of events, festivals and activities each year to celebrate the richness of the Irish Language and will ensure that appropriate use of the language is to the fore at Council run and sponsored events and presentations.

DRÉACHT
Fermanagh & Omagh District Council
Comhairle Ceantair Fhear Manach agus naHOmaí
Gaeilge
DRÉACHT

Naisc le Pleananna eile de chuid Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus an Ómaigh









Plean Corparáideach
Tá Straitéis na Gaeilge ar aon dul le tosaíocht 2 den Phlean Corparáideach: Daoine agus Pobail.

Príomhaidhmeanna	Cad a dhéanfaimid
Feabhsú Folláine na Saoránach Feabhsú folláine an phobail agus dul i ngleic le héagothroime sláinte chun deis a thabhairt do gach duine saol níos sláintiúla a chaitheamh.	• Cothóimid agus neartóimid áiseanna fóillíochta, áineasa, ealaíne agus cultúir na Comhairle chun a chinntiú go mbeidh deiseanna ag daoine a bheith gníomhach agus rannpháirteach ina saol laethúil.
Tacaíocht do Phobail Oibreoimid chun pobail athléimneacha, rathúla agus sábháilte a thógáil agus a chumascú.	• Aithneoimid luach an Earnála Pobail agus Deonach, infheistíocht a chur chun cinn agus tacú leis na hoibrithe deonacha. • Oibreoimid i gcomhar le comhpháirtithe, ag tógáil ar a láidreachtaí agus ag forbairt a gcumas chun rannpháirtíocht láidir, chomhghníomhach, nascaithe agus inmharthana a chothú.
Luach agus Saibhriú ár nOidhreachta Cosaint, feabhsú agus cur ar fáil na hoidhreachta nádúrtha, tógtha agus cultúrtha shaibhir agus éagsúil ár gceantair.	• Caomhnóimid, forbróimid, cuirfimid chun cinn agus feabhsóimid rochtain ar ár sócmhainní oidhreachta, rud a mhéadóidh agus a chuirfidh le bród cathartha, forbairt eacnamaíoch, comhtháthú pobail agus folláine. • Oibreoimid i gcomhpháirtíocht chun deiseanna a chruthú le haghaidh rannpháirtíochta, ag tacú le cuimsiú, tuiscint agus luach níos mó ar an oidhreacht chultúrtha éagsúil agus dhinimiciúil sa cheantar.

Links to other Fermanagh and Omagh District Council Plans







Corporate Plan

The Irish Language Strategy aligns with priority 2 of the Corporate Plan: People and Communities.

Core Objectives	What we will do
Improve Citizen Wellbeing Improve population wellbeing and tackle health inequalities to give everyone the opportunity to lead a healthier life.	• We will maintain and enhance the Council's leisure, recreation, arts and cultural facilities to ensure people have opportunities to be active and engaged in their everyday lives.
Support Communities Work to build and empower, resilient, thriving, and safe communities.	• We will recognise the value of the Community and Voluntary Sector, promoting investment and supporting volunteers. • We will work with partners, building on their strengths and further develop their capacity to foster strong, collaborative, connected and sustainable participation.
Value and Enrich our Heritage Protect, enhance, and make accessible the rich, diverse, natural, built and cultural heritage of our district.	• We will conserve, develop, promote, and enhance access to our heritage assets increasing and contributing to civic pride and economic development, community cohesion and wellbeing. • We will work in partnership to create opportunities for participation, supporting greater inclusion, understanding and valuing the diverse and dynamic cultural heritage in the district.

DRÉACHT Gaeilge DRAFT

Luachanna
Ag teacht leis an bPlean Corparáideach 2024-2028, tá na sé luach seo a leanas glactha ag CCFÓ a threoróidh cur i bhfeidhm na Straitéise seo.



- **Ceannaireacht** – ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais ár gCeantair agus a muintire uile, ceannaireacht láidir a chothú agus fianaise a úsáid chun tosaíochtaí a leagan amach agus díriú ar na nithe is tábhachtaí.
- **Sláine** – ag gníomhú go hionraic agus go neamhchlaonta, ag caitheamh le gach duine ar bhealach cothrom agus le meas.
- **Cuntasacht** – ag gníomhú go hoscailte agus go trédhearcach, faisnéis shoiléir agus inrochtana a sholáthar maidir le cinntí agus feidhmíocht.
- **Nuálaíocht** – barr feabhais a bhaint amach trí bhealaí nua oibre a aimsiú le seirbhísí a fheabhsú go leanúnach agus tosaíochtaí a chur i gcrích.
- **Inbhuanaitheacht** – cinntí a dhéanamh a rachaidh chun sochair don Cheantar agus dá mhuintir san fhadtréimhse, ag tacú le pobail uirbeacha agus tuaithe bhríomhara agus i gcónaí ag tabhairt aird ar na hacmhainní atá ar fáil.
- **Rannpháirtíocht agus Inghníomhú** – éisteacht le, tuiscint ar agus riachtanais fianaise-bhunaithe ár gcuid daoine i bpobail tuaithe agus uirbeacha a chur i gcroílár ár gcuid oibre chun réitigh a chruthú le chéile.

Gaeilge
DRÉACHT

Values

In line with the Corporate Plan 2024-2028, FODC, has adopted the following six values which will guide the implementation of this Strategy.



- **Leadership** – effectively representing the needs of our District and all its people, building strong leadership and using evidence to determine priorities and focus on what matters most.
- **Integrity** – acting with honesty and impartiality, treating all in an equitable and respectful manner.
- **Accountability** – acting in an open and transparent manner, providing clear and accessible information on decisions and performance.
- **Innovation** – achieving excellence through identifying new ways of working to continuously improve services and deliver on priorities.
- **Sustainability** – taking decisions which are in the long-term interests of the District and its people, supporting vibrant urban and rural communities and always mindful of resources.
- **Engagement and Involvement** – listening to, understanding and putting the evidence-based needs of our people across rural and urban communities at the heart of what we do to create solutions together.

Plean Pobail
Tá Straitéis na Gaeilge ag teacht leis na tosaíochtaí agus torthaí seo a leanas de chuid Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus an Ómaigh faoi Daoine agus Pobail:

Tosaíocht	Toradh
Pobail láidre, sábháilte, roinnte agus ionchuimsitheacha	Tá ár bpobail ionchuimsitheacha, sábháilte, athléimneacha agus cumasaithe.
Leanaí agus Daoine Óga	Tá an tús is fearr sa saol ag ár ndaoine agus deiseanna saoil acu chun a gcumas a chomhlíonadh.

Plean Oidhreachta
Tá an Ghaeilge á cur chun cinn i bPlean Oidhreachta Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus an Ómaigh:

> "Soláthraíonn éagsúlacht teangacha, go háirithe traidisiúin na Gaeilge agus na hAlbainise Uladh, meán chun oidhreacht an Cheantair a chaomhnú agus a scaipeadh, trí scéalta staire, béaloideas agus eolas traidisiúnta a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin."

Áirítear an Ghaeilge sa Plean Oidhreachta laistigh den sprioc straitéiseach Rochtain a Fheabhsú:
10. Tacaíocht do Thionscadail Bheaga
Cuir tacaíocht airgeadais thiomnaithe ar fáil do thionscadail bheaga oidhreachta lena n-áirítear Lá Oscailte Oidhreachta na hEorpa, Oíche Chultúir, an Ghaeilge agus Albainis Uladh, agus rochtain ar shiúlóidí, cainteanna agus turais oidhreachta.

DRÉACHT
Gaeilge
DRÉACHT

Community Plan
The Irish Language Strategy aligns with the following priorities and outcomes of the Fermanagh and Omagh District Council under People and Communities:

Priority	Outcome
Strong, Safe, Shared and inclusive Communities	Our communities are inclusive, safe, resilient and empowered.
Children and Young People	Our People have the best start in life with lifelong opportunities to fulfil their potential.

Heritage Plan
The Irish Language is featured within the Fermanagh and Omagh District Council Heritage Plan:

> "The diversity of languages, particularly the Irish language and Ulster Scots traditions, provides a vehicle to preserve and share the District's heritage, through historical stories, folklore and traditional knowledge across generations."

The Heritage Plan includes the Irish Language within the Strategic objective of Improve Access:
10. Support Small Projects
Provide dedicated funding support for small heritage projects including European Heritage Open Day, Culture Night, Irish Language and Ulster Scots and providing access to heritage walks, talks and tours.

DRÉACHT
Gaeilge
DRÉACHT

Príomhshruthú, forbairt agus leathnú na Gaeilge				
Gníomhartha Straitéiseacha	**Tomhas Feidhmithe**	**Torthaí**	**Páirtithe Leasmhara / Comhpháirtithe Féideartha**	**Amlíne**
1.1 Straitéis na Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag sonraíú na ngníomhartha a dhéanfaidh an Chomhairle agus an chaoi a leagfar spriocanna síos, a bheidh faoi mheasúnacht agus a dhéanfar monatóireacht orthu.	• Beidh Straitéis na Gaeilge á forbairt i ndiaidh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. • Bunófar creat monatóireachta. • Déanfar measúnú deiridh ar an tréimhse.	Aithneoidh an Straitéis deiseanna chun an Ghaeilge a chosaint, a fhorbairt, a roinnt, a chur chun cinn agus í a neartú trí líonrú, forbairt acmhainne agus comhoibriú a éascú agus a stiúradh idir an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach, pobal na Gaeilge agus na hearnálacha deonacha.	CCFÓ, Coimisinéir na Gaeilge, Oifig um Chomhfhéiniúlacht agus Léiriú Cultúir, Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Gael Linn, Glór na nGael, Oireachtas na Gaeilge, Comhairle na Gaelscolaíochta, Brainsí áitiúla Chonradh na Gaeilge: Pobal ar a'n Iúl, Sruth na hÉirne, Tús Nua Eagraíochtaí pobail agus deonacha áitiúla. Cónaitheoirí Cheantar Fhear Manach agus an Ómaigh.	Eanáir 2027

Príomhshruthú, forbairt agus leathnú na Gaeilge				
Gníomhartha Straitéiseacha	**Tomhas Feidhmithe**	**Torthaí**	**Páirtithe Leasmhara / Comhpháirtithe Féideartha**	**Amlíne**
1.2 Dul i dteagmháil go gníomhach leis an Ollscoil Uladh chun an Dioplóma sa Ghaeilge a chur ar fáil sa Cheantar ag tosú sa bhliain acadúil 2027.	• Cruinnithe leis an Ollscoil Uladh. • Tacaíocht do chomhairliúcháin Ollscoil Uladh sa Cheantar.	Ollscoil Uladh ag fiosrú agus ag tuairisciú indéantacht sholáthar an Dioplóma sa Ghaeilge sa Cheantar.	CCFÓ, Ollscoil Uladh Eagraíochtaí pobail agus deonacha Gaeilge.	2027-2028
1.3 Glacadh agus cur i bhfeidhm na dtreoirlínte agus na ngníomhartha dea-chleachtais a d'eisigh Coimisinéir na Gaeilge agus Feidhmeannas TÉ.	• Líon cruinnithe leis an Oifig an Choimisinéara Gaeilge. • Athbhreithniú ar Pholasaí na Gaeilge agus ar Straitéis na Gaeilge CCFÓ.	Tá an Chomhairle ag cloí go hiomlán le dea-chleachtas agus leis an reachtaíocht ábhartha i dTuaisceart Éireann.	CCFÓ, Oifig an Choimisinéara Gaeilge, Oifig um Chomhfhéiniúlacht agus Léiriú Cultúir.	2027-2029
1.4 Aighneacht a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus le Comhairle na Gaelscolaíochta le haghaidh soláthair iar-bhunscoile trí mheán na Gaeilge sa Cheantar.	• Líon cruinnithe a tionóladh le príomhpháirtithe leasmhara. • Líon na n-ionadaíochtaí a rinneadh, m.sh. rúin ón gComhairle, tuarascálacha nó seasaimh	Dul chun cinn i dtreo fhorbairt sholáthar iar-bhunscoile trí mheán na Gaeilge sa cheantar. Feasacht mhéadaithe ar dheiseanna oideachais trí mheán na Gaeilge i measc tuismitheoirí agus daoine óga.	CCFÓ, An Roinn Oideachais, An tÚdarás Oideachais, An Chomhairle um Scoileanna Caitliceacha Faoi Chothabháil, Comhairle na Gaelscolaíochta, na Gaelscoileanna áitiúla. Cumainn Tuismitheoirí agus	2027-2029

Príomhshruthú, forbairt agus leathnú na Gaeilge				
Gníomhartha Straitéiseacha	**Tomhas Feidhmithe**	**Torthaí**	**Páirtithe Leasmhara / Comhpháirtithe Féideartha**	**Amlíne**
	pholasaí a forbraíodh ar son sholáthar iar-bhunscoile trí mheán na Gaeilge.		Múinteoirí sa cheantar.	

DRÉACHT
Gaeilge
DRÉACHT

Infheictheacht, inrochtaineacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú				
Gníomhartha Straitéiseacha	**Tomhas Feidhmíochta**	**Torthaí**	**Páirtithe Leasmhara / Comhpháirtithe Féideartha**	**Amlíne**
2.1 Glac cur chuige dhátheangach i leith príomhfhoilseachán ar mhéain dhigiteacha agus ar líne.	• Líon na bpríomhdhoiciméad a aistríodh.	Rochtain mhéadaithe ar phríomhdhoiciméid atá ar fáil i nGaeilge.	CCFÓ	2027-2029
2.2 Plean chun brandáil agus comharthaíocht i mBéarla agus i nGaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i bhfoirgnimh riaracháin, in áiseanna agus i sócmhainní corparáideacha faoi úinéireacht na Comhairle, lena n-áirítear feithiclí, éide, ardáin dhigiteacha, feachtais mhargaíochta agus acmhainní eile na Comhairle.	• Plean Brandála agus Comharthaíochta ceadaithe ag an gComhairle.	Méadófar infheictheacht na Gaeilge ar fud na Comhairle.	CCFÓ	2027

DRÉACHT
Gaeilge
DRÉACHT

Infheictheacht, inrochtaineacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú				
Gníomhartha Straitéiseacha	**Tomhas Feidhmíochta**	**Torthaí**	**Páirtithe Leasmhara / Comhpháirtithe Féideartha**	**Amlíne**
2.3 Oibreoidh an Chomhairle i dtreo suíomh gréasáin dátheangach (Gaeilge/Béarla) a fhorbairt agus a chothabháil agus leanfaidh sí ar aghaidh ag forbairt agus ag cothabháil ardáin dhigiteacha tiomnaithe don Ghaeilge agus faisnéis ar shuíomh gréasáin CCFÓ.	• Faisnéis nuashonraithe ar leathanach gréasáin na Gaeilge. • Ríomh-nuachtlitir rialta na Gaeilge. • Líon postálacha dátheangacha (Gaeilge/Béarla) ar chainéil na Comhairle ar na meáin shóisialta. • Fás ar líon na leantóirí/síntiúsóirí ar ardáin na Gaeilge.	Forbróidh an Chomhairle suíomh gréasáin dátheangach feidhmiúil (Gaeilge/Béarla). Infheictheacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú tríd an gCeantar – sa teanga labhartha agus scríofa araon. Inrochtaineacht agus taithí ar úsáid na Gaeilge i seirbhísí CCFÓ a fheabhsú. Feasacht mhéadaithe ar sheirbhísí, ar ghníomhaíochtaí agus ar dheiseanna na Gaeilge trí ardáin dhigiteacha na Comhairle. Ábhar rialta dátheangach Béarla / Gaeilge ar phríomh-ardáin shóisialta na Comhairle lena n-áirítear; poist eolais, tionscnaimh mhargaíochta, fógraí pobail / seirbhíse. Oibreoidh an t-oifigeach ábhartha i gcomhar leis an bhfoireann mhargaíochta chun straitéis chuimsitheach a fhorbairt maidir leis an dóigh is fearr an Ghaeilge	CCFÓ	2027 - 2030

Infheictheacht, inrochtaineacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú				
Gníomhartha Straitéiseacha	**Tomhas Feidhmíochta**	**Torthaí**	**Páirtithe Leasmhara / Comhpháirtithe Féideartha**	**Amlíne**
		a chur chun cinn ar ardáin na Comhairle.		
2.4 Deiseanna a chruthú d'imrothlú na Gaeilge laistigh de cheantar na Comhairle, m.sh. úsáid na Gaeilge chun láithreacha fóillíochta, turasóireacht, gnó agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn.	• Líon na n-acmhainní turasóireachta agus oidhreachta atá ar fáil go dátheangach. • Líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar thurais, imeachtaí, ceardlanna nó cláir ghníomhaíochta le téama na Gaeilge.	Méadú ar líon na gcuairteoirí atá ag glacadh páirte i léirmhíniú na Gaeilge nó in eispéiris chultúrtha na Gaeilge. Deiseanna nua á gcruthú gach bliain don phobal taithí a fháil ar an nGaeilge i socruithe laethúla.	Seirbhísí Pobail, Turasóireacht	2027-2029
2.5 Cuirfidh an Chomhairle tacaíocht aistriúcháin ar fáil do chomhfhreagras inmheánach/aistriúcháin acmhainní agus déanfaidh sí aistriúchán gairmiúil a fháil nuair is gá.	• Líon na míreanna aistrithe. • Tacaíocht agus comhairle maidir le soláthar aistritheoirí agus ateangairí Gaeilge do CCFÓ agus don Phobal.	Cuirfear comhfhreagras CCFÓ ar fáil i bhformáid dhátheangach nó i nGaeilge amháin de réir mar is gá. Spreagfar na Baill Tofa Gaeilge a úsáid i gcruinnithe na Comhairle agus féin-aistriúchán a chur ar fáil.	CCFÓ	2027-2029

Infheictheacht, inrochtaineacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú				
Gníomhartha Straitéiseacha	**Tomhas Feidhmíochta**	**Torthaí**	**Páirtithe Leasmhara / Comhpháirtithe Féideartha**	**Amlíne**
	• Líon na seirbhísí a iarradh trí Ghaeilge.	Má iarrtar seirbhís 'go pearsanta', fiafróidh an fhoireann an bhfuil ball foirne Gaeilge ar fáil chun an tseirbhís a chur ar fáil; mura bhfuil, cuirfidh an Chomhairle socruithe cuí ar fáil chun an tseirbhís a chur ar fáil i nGaeilge laistigh de 1-2 lá oibre, nó cuirfidh sí seirbhís gutháin ar fáil an lá céanna. Coimeádfar taifead ar sheirbhísí a iarradh trí Ghaeilge nach bhfuil ar fáil agus forbrófar an acmhainn chun na seirbhísí sin a chur ar fáil dá réir.		
2.6 Cuirfidh an Chomhairle comharthaíocht dhátheangach sráide agus bóthair ar fáil tríd an bPolasaí maidir le hAinmniú agus Uimhriú Sráideanna.	• Líon na gcomharthaí bóthair dhátheangacha atá suiteáilte.	Cuirfidh an Chomhairle comharthaíocht dhátheangach sráide agus bóthair ar fáil tríd an bPolasaí maidir le hAinmniú agus Uimhriú Sráideanna agus coinneoidh sí an polasaí seo faoi athbhreithniú de réir dea-chleachtais atá ann agus atá ag teacht chun cinn.		2027-2029

Cumasaigh, tacaigh agus cothaigh forbairt chainteoirí agus pobal na Gaeilge				
Gníomhartha Straitéiseacha	**Tomhas Feidhmíochta**	**Torthaí**	**Páirtithe Leasmhara / Comhpháirtithe Féideartha**	**Amlíne**
3.1 Éascóidh An Chomhairle deiseanna do dhaoine atá ag úsáid áiseanna na Comhairle chun an Ghaeilge a úsáid. Leanfaidh An Chomhairle de bheith ag tacú le deiseanna do dhaoine an teanga a fhoghlaim agus a chleachtadh ar fud an cheantair.	• Oibriú le hAcmhainní Daonna chun lucht labhartha na Gaeilge i measc na foirne a aithint. • Líon na bhfiosruithe a fuarthas trí Ghaeilge. • Líon na n-iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge a cuireadh ar fáil. • Líon na gcomhaltaí foirne atá oilte nó tacaithe le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. • Líon na bhfostaithe atá ag caitheamh Gradam an Fháinne.	Feabhas ar inrochtaineacht sheirbhísí na Comhairle do lucht labhartha na Gaeilge. Méadú muiníne i measc úsáideoirí seirbhíse maidir le rochtain ar sheirbhísí na Comhairle trí Ghaeilge. Méadú ar úsáid na Gaeilge i ngach idirghníomhaíocht chustaiméara agus seachadadh seirbhíse. Spreagfar comhaltaí foirne a bhain Gradam an Fháinne amach chun a gCúpla Focal, Fáinne Airgid nó Fáinne Óir a chaitheamh san ionad oibre.	CCFÓ	2027-2029
3.2 Éascaigh agus spreag gnólachtaí áitiúla, go háirithe sna hearnálacha miondíola agus fáilteachais, an Ghaeilge a úsáid le	• Líon na líonraí gnó nó seomraí trádála atá páirteach i ngníomhaíochtaí na Gaeilge. • Líon na ngnólachtaí miondíola a ndearna	Infheictheacht agus úsáid laethúil na Gaeilge méadaithe i measc na n-earnálacha miondíola, fáilteachais agus turasóireachta, rud a chuireann le taithí na gcónaitheoirí agus na gcuairteoirí agus a thacaíonn le normáltú na Gaeilge ar fud an cheantair.	CCFÓ, Eagraíochtaí gnó áitiúla, Turasóireacht Thuaisceart Éireann, Geapháirc Cuilceach Lochanna,	2027-2029

Cumasaigh, tacaigh agus cothaigh forbairt chainteoirí agus pobal na Gaeilge				
Gníomhartha Straitéiseacha	**Tomhas Feidhmíochta**	**Torthaí**	**Páirtithe Leasmhara / Comhpháirtithe Féideartha**	**Amlíne**
cónaitheoirí agus cuairteoirí áitiúla.	an Chomhairle teagmháil leo trí thionscnaimh arna dtacú aici. • Líon na gceardlann réamhrá ar an nGaeilge a reáchtáladh do ghnólachtaí.		Uaimheanna Marble Arch, Limistéar AONB Shliabh Speiríne, Gnólachtaí áitiúla, daoine aonair agus grúpaí pobail	
3.2 Oibriú le Pobal ar a nIúl, Sruth na hÉirne, Tús Nua, Craobh Cois Locha, clubanna CLG, Comhaltas agus eagraíochtaí pobail eile sa cheantar chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha a fhorbairt.	• Líon na gclubanna CLG a ghlacann páirt i gceardlanna Gaeilge sa Chlub gach bliain do chlubanna CLG. • Líon na dtionscadal comhpháirtíochta a chuirtear i gcrích le heagraíochtaí Gaeilge atá lonnaithe sa phobal.	Deiseanna breise do dhaoine óga an Ghaeilge a úsáid i gcúinsí sóisialta, spóirt agus cultúrtha. Feiceálacht na Gaeilge méadaithe ar fud eagraíochtaí pobail agus spóirt. Naisc neartaithe idir eagraíochtaí Gaeilge, clubanna spóirt agus grúpaí cultúrtha. Cuirfidh An Chomhairle ar chumas agus spreagfaidh sí grúpaí pobail a oibríonn trí Ghaeilge rochtain a fháil ar gach glao um Chúnamh Airgeadais. Ní bheidh aon ghrúpa pobail faoi mhíbhuntáiste maidir le rochtain ar ghlaonna airgeadais	CCFÓ, Glór na nGael, Oireachtas na Gaeilge, Cumann na bhFiann, Pobal ar a nIúl, Sruth na hÉirne, Tús Nua Ulster GAA, CLG Fhear Manach, CLG Thír Eoghain, Dún Uladh, craobhacha Chomhaltas Fhear Manach, craobhacha Chomhaltas Thír	2027-2030

Cumasaigh, tacaigh agus cothaigh forbairt chainteoirí agus pobal na Gaeilge				
Gníomhartha Straitéiseacha	**Tomhas Feidhmíochta**	**Torthaí**	**Páirtithe Leasmhara / Comhpháirtithe Féideartha**	**Amlíne**
		toisc go sainaithnítear iad mar 'grúpaí Gaeilge'.	Eoghain laistigh den cheantar. Eagraíochtaí pobail agus deonacha Gaeilge.	
3.3 Beidh dhá shiompóisiam Gaeilge á n-óstáil go bliantúil chun díospóireacht, rannpháirtíocht agus foghlaim chomhroinnte a spreagadh.	• Líon na rannpháirtithe ag ócáidí siompóisiam. • Líon na n-eagraíochtaí pobail i láthair.	Rannpháirtíocht agus líonrú méadaithe idir CCFÓ, eagraíochtaí pobail agus deonacha áitiúla, agus príomh-eagraíochtaí Gaeilge.	CCFÓ, Príomh-eagraíochtaí Gaeilge, eagraíochtaí pobail agus deonacha Gaeilge	2027-2029
3.4 Tacú le foireann agus Baill Tofa ar mian leo a dtuigbheáil ar an nGaeilge a fheabhsú agus a chinntiú go mbeidh siad in ann cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge.	• Líon na foirne agus na mBall Tofa atá ag freastal ar ranganna Gaeilge. • Líon na ndaoine atá páirteach i ranganna don fhoireann. • Dhá cheardlann Tús leis an nGaeilge in aghaidh na bliana.	Beidh tuiscint níos fearr ar an nGaeilge ag foireann agus ag Baill Tofa CCFÓ. Beidh níos mó muiníne ag foireann agus Baill Tofa agus iad ag cumarsáid i nGaeilge agus dualgais na Comhairle á gcomhlíonadh acu. Déanfar iniúchadh ar fhoireann na Comhairle chun cumas teanga a mheas i measc na foirne.	Foireann CCFÓ agus Baill Tofa	2027-2029

Cumasaigh, tacaigh agus cothaigh forbairt chainteoirí agus pobal na Gaeilge				
Gníomhartha Straitéiseacha	**Tomhas Feidhmíochta**	**Torthaí**	**Páirtithe Leasmhara / Comhpháirtithe Féideartha**	**Amlíne**
3.5 Tacaíocht do theaghlaigh agus do thuismitheoirí Gaeilge.	• Líon na nasc le cainteanna, acmhainní agus eagraíochtaí.	Tacaíocht mhéadaithe ar fáil do theaghlaigh Ghaeilge.	CCFÓ, Glór na nGael, Eagraíochtaí pobail agus deonacha Teaghlaigh áitiúla.	2027-2029
Cothófar Grúpaí Gaeilge chun rochtain a fháil ar réimse leathan tacaíochtaí airgeadais, ón gComhairle agus ó fhoinsí eile. Tacaíocht airgeadais do ghrúpaí pobail a eagraíonn gníomhaíochtaí Gaeilge agus do dhaoine aonair atá ag foghlaim na Gaeilge.	• Líon na ndeontas Gaeltachta a bronnadh ar dhaoine aonair. • Líon na ndeontais acadúla a bronnadh ar dhaoine aonair. • Líon na ndeontas Gaeilge sa Phobal a bronnadh ar ghrúpaí pobail. • Líon na ndeontas Seachtain na Gaeilge a bronnadh ar ghrúpaí pobail. • Líon na nGrúpaí Gaeilge a bhain leas as glaonna ginearálta cúnaimh airgeadais ón gComhairle.	Tacar maoinithe sonrach don Ghaeilge chun tacú agus spreagadh a thabhairt do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonair. Inbhuanaitheacht fheabhsaithe do Ghrúpaí Gaeilge laistigh de cheantar na Comhairle. Méadaítear clárú imeachtaí i gceantar CCFÓ ag grúpaí pobail Gaeilge áitiúla.	CCFÓ, Príomh-eagraíochtaí Gaeilge, Eagraíochtaí pobail agus deonacha Gaeilge.	2027 -2029

DRÉACHT

Cumasaigh, tacaigh agus cothaigh forbairt chainteoirí agus pobal na Gaeilge				
